Carlow Historical & Archaeological Society

BOARD OF CARLOW COUNTY MUSEUM

Iarsmalann Chontae Cheatharlocha

1ST ANNUAL REPORT 2005 – 2007

November 2007

Carlow County Museum

Members of the Board of Carlow County Museum

Carlow Town Council Members:
Cllr. Declan Alcock, Cllr. Rody Kelly & Cllr. Walter Lacey

Carlow Historical & Archaeological Society Members:
Dan Carbery(Chairman), Seamus Murphy & Martin Nevin

County Manager's Nominee:
Joe Watters, Town Clerk

Secretary to the Board:
Dermot Mulligan, Museum Curator

LOCAL AUTHORITY MUSEUMS' NETWORK

Member of the Local Authority Museums' Network (L.A.M.N)

Museum Board Establishment:
This is the first Annual Report of the Board of Carlow County Museum. The Board consists of seven members, three Members of Carlow Town Council, three representatives of the Carlow Historical & Archaeological Society (CHAS) and a County Manager's nominee. The Curator of Carlow County Museum acts as Secretary to the Board.

The Museum was originally opened on a voluntary basis by CHAS (then called the Old Carlow Society) in 1974. In 1979 the Museum moved from its initial home in the former Academy, now the Cathedral Parish Centre, College Street to the then vacant Theatre Room in the Town Hall. In 2002 Carlow Town Council took over the operations of the Museum.

CHAS will retain a role in the development of the County Museum, through the medium of a Museum Board that will oversee strategic development and devise the County Museum's policies.

The Board has met on seven occasions since its first meeting in June 2005. It has been agreed that the Board will meet not less than four times a year. The Chairperson of the Board will be chosen from the three Members of the Town Council and the three CHAS representatives who sit on the Board. The position of Chairperson of the Board will alternate on an annual basis between the Members of the Town Council and the CHAS representatives. The first elected Chairperson of the Board is Mr. Dan Carbery.

Museum Collection:
In 2002 when the Town Council took over the Museum the Town Hall was closed for renovations with the Museum the last function remaining. In order to facilitate the renovations the Museum had to begin packing the collection for offsite storage. This process took until mid 2003. It had been initially thought that there were approximately 2,000 artefacts in the Museum collection but this rose to over 4,000 items.

The growing collection of now over 5,000 items contains natural history specimens, stone and bronze age archaeological objects, coins, medals, stamps, religious objects, military and police artefacts and memorabilia, agricultural implements, trade, craft and industrial items, sporting memorabilia and a large collection of photographs and archival material. There are some excellent models. It is a good representative collection of the county, containing many interesting objects some of which are of national and international importance.

Carlow County Museum works closely with the National Museum of Ireland, particularly in the area of Archaeological Finds. The National Museum of Ireland is the authority responsible for the care of all archaeological artefacts that are found with no known owner and they receive their powers from the National Monuments Act, 1930 and its subsequent amendments of 1954, 1987, 1994 and 2004.
Also, under the National Cultural Institutions Act, 1997 and the National Monument Act (amendment) 1994 the Director of the National Museum was given the power to

designate the collection and display of archaeological material to County Museums which are operated by a Local Authority.

Dermot Mulligan, Curator of Carlow County Museum is the Designation Person for County Carlow. He has the authority to collect archaeological artefacts from County Carlow on behalf of the National Museum of Ireland. Significantly when the Museum reopens archaeological artefacts found in Co. Carlow can finally be displayed in the county in which they were found. Under the Designation Status Carlow County Museum will also be able to request archaeological artefacts previously sent to the National Museum to be returned to the County Museum for display.

New Museum Premises:
The new Carlow County Museum is being established as part of its overall strategy for social, economic and cultural development of the county and the Museum will cater for the cultural and educational needs of the community and provide a much needed indoor heritage tourism amenity for the county. The new development involves the restoration of the former Presentation Convent on College Street, Carlow Town. The building is in a prime town centre location and is part of a complex that already houses the Co. Library, Archive and the Tourist Office.

Architect Michael O'Boyle of Bluett & O'Donoghue Architects, Dublin has been engaged to draw up the plans for the redevelopment. The Convent building on College Street will be renovated and extended to accommodate the new County Museum.

The existing building can be sub divided into four sections. The Tourist Office will be the entry/ reception area for the Museum. This leads the visitor into the large open plan flexible space on the ground floor They will proceed up the staircase under the large window at the Cathedral end to the first floor, which was previously the Convent Chapel and Oratory. This is a mixture of open and sub divided areas. The visitor will exit into the already existing temporary exhibition galleries and then return to the ground floor.

In order to minimise impact, the new building design will contain most of its accommodation on the ground floor. It will be located at the Cathedral end of the building and will accommodate the toilets, canteen, holding area and offices. The garden of the convent was an important contemplative space. The area is now used as a carpark and a re-landscaping should take the hard edges off it and an area along side the Museum can be developed for outdoor displays and events.

The plans were presented to both the Board and the Town Council in October 2007. Following the approval by the Town Council the proposed plans are on public display until December 14th with submissions or observations being accepted until January 7th 2008 under the Planning & Development Act, 2000 (Part Xi), Local Government (Planning & Development) Regulations 2001 (Part 8).

Carlow Historical & Archaeological Society

BORD IARSMALANN CONTAE CHEATHARLACH

Iarsmalann Contae Cheatharlach

AN 1ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2005 – 2007

Samhain 2007

Carlow County Museum

Comhaltaí Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach

Comhaltaí Chomhairle Baile Cheatharlach:
An Clr. Declan Alcock, An Clr. Rody Kelly agus An Clr. Walter Lacey

Comhaltaí Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach:
Dan Carbery (Cathaoirleach), Seamus Murphy agus Martin Nevin

Ainmnithe ag an mBainisteoir Contae:
Joe Watters, Cléireach an Bhaile

Rúnaí an Bhoird:
Diarmuid Ó Maologáin, Coimeádaí Músaeim

LOCAL AUTHORITY MUSEUMS' NETWORK

Comhalta de Líonra Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil (L.M.Ú.Á.)

Bunú Bhord an Mhúsaeim:
Is í seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach. Seachtar comhaltaí atá ar an mBord, triúr atá ina gComhaltaí ar Chomhairle Baile Cheatharlach, triúr ionadaithe thar ceann Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (CSSC) agus duine amháin atá ainmnithe ag an mBainisteoir Contae. Is é Coimeádaí Mhúsaem Contae Cheatharlach atá ag gníomhú mar Rúnaí ar an mBord.

D'oscail CSSC (The Old Carlow Society mar a bhí ag an am) an Músaem ar bhonn deonach i dtús báire sa bhliain 1974. Sa bhliain 1979 aistríodh an Músaem amach as an áit ina raibh sé ar dtús, an tAcadamh, mar a bhíodh - Ionad Pharóiste na hArd-Eaglaise anois - agus isteach go dtí an Seomra Amharclainne i Halla an Bhaile, seomra a bhí folamh ag an am. Ghlac Comhairle Baile Cheatharlach feidhmiú an Mhúsaeim faoina cúram sa bhliain 2002.

Imreoidh CSSC a pháirt féin i bhforbairt an Mhúsaeim Contae trí bhíthin Boird Músaeim a bheidh i mbun maoirseachta ar an bhforbairt straitéiseach agus a cheapfaidh na beartais don Mhúsaem Contae.

Tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire ón uair a raibh a chéad chruinniú aige i mí an Mheithimh 2005. Comhaontaíodh go dtiocfadh an Bord le chéile ceithre huaire ar a laghad sa bhliain. Roghnófar an Cathaoirleach as triúr Comhaltaí na Comhairle Baile agus triúr ionadaithe an CSSC a bheidh ar an mBord. Déanfar uainíocht go bliantúil ar phost an Chathaoirligh is é sin idir Chomhaltaí na Comhairle Baile agus ionadaithe CSSC. Is é an tUas. Dan Carbery a toghadh ina chéad Chathaoirleach ar an mBord.

Bailiúchán an Mhúsaeim:
Nuair a ghlac An Chomhairle Baile cúram an Mhúsaeim uirthi féin sa bhliain 2002 bhí Halla an Bhaile dúnta mar go raibh obair athchóirithe ar bun air agus ba é athchóiriú an Mhúsaeim an chuid dheireanach den obair a bhí le déanamh. Chuige sin b'éigean tosú ar an mbailiúchán a phacáil chun é a bhogadh go dtí ionad stórála den láthair. Lean an obair sin ar aghaidh go dtí lár na bliana 2003. Bhíothas den tuairim i dtús báire go raibh thart ar 2,000 déantán i mbailiúchán an Mhúsaeim ach le fírinne bhí os cionn 4,000 ní ann.
Dirítear an méid seo a leanas anois leis an mbailiúchán a bhfuil os cionn 5,000 ní ann agus a bhfuiltear ag cur leis i gcónaí - eiseamail stair an dúlra, nithe seandálaíochta ón gclochaois agus ón gcré-umhaois, monaí, boinn, stampaí, nithe reiligiúnacha, déantáin agus cuimhneacháin mhíleata agus phóilíneachta, giuirléidí talmhaíochta, earraí tráchtála, ceardaíochta agus tionsclaíocha, cuimhneacháin spóirt agus bailiúchán mór de ghrianghraif agus d'ábhar cartlainne. Tá roinnt macasamhlacha atá ar fheabhas ina measc sin. Is bailiúchán é a thugann léargas maith ar an gcontae. Tá go leor nithe spéisiúla ann agus is díol suntais cuid acu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Oibríonn Músaem Contae Cheatharlach go dlúth le hArd-Mhúsaem na hÉireann, go háirithe chomh fada is a bhaineann sé le Fríotha Seandálaíochta de. Is é Ard-Mhúsaem na hÉireann an t-údarás atá freagrach as cúram na ndéantán seandálaíochta go léir a

fhaightear ar déantáin iad nach eol cé hé nó cé í an t-úinéir. Bronntar a chumhachtaí air faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 agus faoi na leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin in 1954, 1987, 1994 agus 2004. Chomh maith leis sin, faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 agus faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, (arna leasú) 1994 tugadh an chumhacht do Stiúrthóir an Ard-Mhúsaeim Músaeim Contae arna bhfeidhmiú ag Údarás Áitiúil a ainmniú chun ábhar seandálaíochta a bhailiú agus a chur ar taispeáint.

Is é Diarmuid Ó Maologáin, Coimeádaí Mhúsaem Contae Cheatharlach an Duine Ainmnithe do Chontae Cheatharlach. Tá sé d'údarás aige déantáin seandálaíochta ó Chontae Cheatharlach
a bhailiú thar ceann Ard-Mhúsaem na hÉireann. Nuair a osclóidh an Músaem an athuair féadfar déantáin seandálaíochta a dtángthas orthu i gCo. Cheatharlach a chur ar taispeáint sa deireadh thiar thall sa chontae ina dtángthas orthu agus is iontach go deo an rud é sin. Ó tharla Stádas Ainmnithe a bheith ag Músaem Contae Cheatharlach féadfar iarrtas a dhéanamh na déantáin seandálaíochta a seoladh chuig an Ard-Mhúsaem roimhe seo a thabhairt ar ais go dtí an Músaem Contae chun iad a chur ar taispeáint.

Foirgneamh an Mhúsaeim Nua:
Tá an músaem nua, Músaem Contae Cheatharlach, á bhunú mar chuid dá straitéis iomlán ar mhaithe le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha an chontae agus freastalóidh an Músaem ar riachtanais chultúrtha agus oideachais an phobail agus is fóntas faoi dhíon don turasóireacht oidhreachta a bheidh ann don chontae, fóntas a bhfuil géarghá leis. Tá sé i gceist leis an bhforbairt nua athchóiriú a dhéanamh ar Chlochar na Toirbhearta mar a bhíodh, atá ar Shráid an Choláiste, Ceatharlach. Tá an foirgneamh suite in áit an-mhaith i lár an bhaile agus is cuid d'ollionad é ina bhfuil An Leabharlann Contae, An Chartlann agus An Oifig Turasóireachta cheana féin.

Táthar tar éis Michael O'Boyle, Bluett & O'Donoghue Architects, Baile Átha Cliath a fhostú chun na pleananna don athfhorbairt a leagan amach. Déanfar oibreacha athnuachana ar fhoirgneamh an Chlochair ar Shráid an Choláiste agus méadófar é ionas go mbeidh áit ann don Mhúsaem Contae nua.

Féadfar ceithre chuid a dhéanamh den fhoirgneamh atá ann anois. Is tríd an Oifig Turasóireachta a thiocfar isteach sa Mhúsaem agus is ansin a bheidh an deasc fáiltithe freisin. As sin féadfar dul isteach sa spás fairsing ilúsáide i bhfoirm plean oscailte a bheidh ar an mbunurlár. Beidh bealach uaidh sin suas staighre faoin bhfuinneog mhór atá ag ceann na hArd-Eaglaise den fhoirgneamh agus tabharfaidh sé sin an cuairteoir isteach ar an gcéad urlár, áit a mbíodh Séipéal agus Aireagal an Chlochair tráth. Beidh spásanna oscailte agus áiteanna a bheidh roinnte ina gcodanna arís anseo. Is trí ghailearaithe na dtaispeántas sealadach atá ann cheana féin a dhéanfaidh an cuairteoir a bhealach amach agus tabharfaidh sé sin síos arís é go dtí an bunurlár.

Ar mhaithe le caoithiúlacht agus mar atá sa phlean nua don fhoirgneamh is ar an mbunurlár a bheidh an chuid is mó den chóiríocht. Is i gceann na hArd-Eaglaise den

fhoirgneamh a bheidh sí agus is ansin a bheidh na leithris, an ceaintín, an áit choinneála agus na hoifigí. Bhaintí an-leas as gairdín an chlochair don smaointeoireacht rinnfheithimh tráth. Carrchlós atá ann anois ach bheifí ag súil go mbeadh cuma níos taitneamhaí air nuair a bheidh an t-athdhreachadh déanta agus féadfar geadán talún atá le hais an Mhúsaeim a fhorbairt le haghaidh taispeántas agus imeachtaí lasmuigh.

Cuireadh na pleananna faoi bhráid an Bhoird agus na Comhairle Baile araon i mí Dheireadh Fómhair 2007. Ach na pleananna beartaithe a bheith ceadaithe ag an gComhairle Baile, beidh siad ar taispeáint go poiblí go dtí an 14ú Nollaig agus glacfar le haighneachtaí nó tuairimí go dtí an 7ú Eanáir, 2008 faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Cuid XI), agus faoi na Rialacháin Rialtais Áitiúil, (Pleanáil agus Forbairt) 2001, (Cuid 8).

Carlow Historical & Archaeological Society

BORD IARSMALANN CONTAE CHEATHARLACH

Iarsmalann Contae Cheatharlach

AN 1ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2005 – 2007

Samhain 2007

Comhaltaí Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach

Comhaltaí Chomhairle Baile Cheatharlach:
An Clr. Declan Alcock, An Clr. Rody Kelly agus An Clr. Walter Lacey

Comhaltaí Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach:
Dan Carbery (Cathaoirleach), Seamus Murphy agus Martin Nevin

Ainmnithe ag an mBainisteoir Contae:
Joe Watters, Cléireach an Bhaile

Rúnaí an Bhoird:
Diarmuid Ó Maologáin, Coimeádaí Músaeim

LOCAL AUTHORITY MUSEUMS' NETWORK

Comhalta de Líonra Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil (L.M.Ú.Á.)

Bunú Bhord an Mhúsaeim:
Is í seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach. Seachtar comhaltaí atá ar an mBord, triúr atá ina gComhaltaí ar Chomhairle Baile Cheatharlach, triúr ionadaithe thar ceann Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (CSSC) agus duine amháin atá ainmnithe ag an mBainisteoir Contae. Is é Coimeádaí Mhúsaem Contae Cheatharlach atá ag gníomhú mar Rúnaí ar an mBord.

D'oscail CSSC (The Old Carlow Society mar a bhí ag an am) an Músaem ar bhonn deonach i dtús báire sa bhliain 1974. Sa bhliain 1979 aistríodh an Músaem amach as an áit ina raibh sé ar dtús, an tAcadamh, mar a bhíodh - Ionad Pharóiste na hArd-Eaglaise anois - agus isteach go dtí an Seomra Amharclainne i Halla an Bhaile, seomra a bhí folamh ag an am. Ghlac Comhairle Baile Cheatharlach feidhmiú an Mhúsaeim faoina cúram sa bhliain 2002.

Imreoidh CSSC a pháirt féin i bhforbairt an Mhúsaeim Contae trí bhíthin Boird Músaeim a bheidh i mbun maoirseachta ar an bhforbairt straitéiseach agus a cheapfaidh na beartais don Mhúsaem Contae.

Tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire ón uair a raibh a chéad chruinniú aige i mí an Mheithimh 2005. Comhaontaíodh go dtiocfadh an Bord le chéile ceithre huaire ar a laghad sa bhliain. Roghnófar an Cathaoirleach as triúr Comhaltaí na Comhairle Baile agus triúr ionadaithe an CSSC a bheidh ar an mBord. Déanfar uainíocht go bliantúil ar phost an Chathaoirligh is é sin idir Chomhaltaí na Comhairle Baile agus ionadaithe CSSC. Is é an tUas. Dan Carbery a toghadh ina chéad Chathaoirleach ar an mBord.

Bailiúchán an Mhúsaeim:
Nuair a ghlac An Chomhairle Baile cúram an Mhúsaeim uirthi féin sa bhliain 2002 bhí Halla an Bhaile dúnta mar go raibh obair athchóirithe ar bun air agus ba é athchóiriú an Mhúsaeim an chuid dheireanach den obair a bhí le déanamh. Chuige sin b'éigean tosú ar an mbailiúchán a phacáil chun é a bhogadh go dtí ionad stórála den láthair. Lean an obair sin ar aghaidh go dtí lár na bliana 2003. Bhíothas den tuairim i dtús báire go raibh thart ar 2,000 déantán i mbailiúchán an Mhúsaeim ach le fírinne bhí os cionn 4,000 ní ann.

Áirítear an méid seo a leanas anois leis an mbailiúchán a bhfuil os cionn 5,000 ní ann agus a bhfuiltear ag cur leis i gcónaí - eiseamail stair an dúlra, nithe seandálaíochta ón gclochaois agus ón gcré-umhaois, monaí, boinn, stampaí, nithe reiligiúnacha, déantáin agus cuimhneacháin mhíleata agus phóilíneachta, giuirléidí talmhaíochta, earraí tráchtála, ceardaíochta agus tionsclaíocha, cuimhneacháin spóirt agus bailiúchán mór de ghrianghraif agus d'ábhar cartlainne. Tá roinnt macasamhlacha atá ar fheabhas ina measc sin. Is bailiúchán é a thugann léargas maith ar an gcontae. Tá go leor nithe spéisiúla ann agus is díol suntais cuid acu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Oibríonn Músaem Contae Cheatharlach go dlúth le hArd-Mhúsaem na hÉireann, go háirithe chomh fada is a bhaineann sé le Fríotha Seandálaíochta de. Is é Ard-Mhúsaem na hÉireann an t-údarás atá freagrach as cúram na ndéantán seandálaíochta go léir a

fhaightear ar déantáin iad nach eol cé hé nó cé í an t-úinéir. Bronntar a chumhachtaí air faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 agus faoi na leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin in 1954, 1987, 1994 agus 2004.
Chomh maith leis sin, faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 agus faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, (arna leasú) 1994 tugadh an chumhacht do Stiúrthóir an Ard-Mhúsaeim Músaeim Contae arna bhfeidhmiú ag Údarás Áitiúil a ainmniú chun ábhar seandálaíochta a bhailiú agus a chur ar taispeáint.

Is é Diarmuid Ó Maologáin, Coimeádaí Mhúsaem Contae Cheatharlach an Duine Ainmnithe do Chontae Cheatharlach. Tá sé d'údarás aige déantáin seandálaíochta ó Chontae Cheatharlach
a bhailiú thar ceann Ard-Mhúsaem na hÉireann. Nuair a osclóidh an Músaem an athuair féadfar déantáin seandálaíochta a dtángthas orthu i gCo. Cheatharlach a chur ar taispeáint sa deireadh thiar thall sa chontae ina dtángthas orthu agus is iontach go deo an rud é sin. Ó tharla Stádas Ainmnithe a bheith ag Músaem Contae Cheatharlach féadfar iarrtas a dhéanamh na déantáin seandálaíochta a seoladh chuig an Ard-Mhúsaem roimhe seo a thabhairt ar ais go dtí an Músaem Contae chun iad a chur ar taispeáint.

Foirgneamh an Mhúsaeim Nua:
Tá an músaem nua, Músaem Contae Cheatharlach, á bhunú mar chuid dá straitéis iomlán ar mhaithe le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha an chontae agus freastalóidh an Músaem ar riachtanais chultúrtha agus oideachais an phobail agus is fóntas faoi dhíon don turasóireacht oidhreachta a bheidh ann don chontae, fóntas a bhfuil géarghá leis. Tá sé i gceist leis an bhforbairt nua athchóiriú a dhéanamh ar Chlochar na Toirbhearta mar a bhíodh, atá ar Shráid an Choláiste, Ceatharlach. Tá an foirgneamh suite in áit an-mhaith i lár an bhaile agus is cuid d'ollionad é ina bhfuil An Leabharlann Contae, An Chartlann agus An Oifig Turasóireachta cheana féin.

Táthar tar éis Michael O'Boyle, Bluett & O'Donoghue Architects, Baile Átha Cliath a fhostú chun na pleananna don athfhorbairt a leagan amach. Déanfar oibreacha athnuachana ar fhoirgneamh an Chlochair ar Shráid an Choláiste agus méadófar é ionas go mbeidh áit ann don Mhúsaem Contae nua.

Féadfar ceithre chuid a dhéanamh den fhoirgneamh atá ann anois. Is tríd an Oifig Turasóireachta a thiocfar isteach sa Mhúsaem agus is ansin a bheidh an deasc fáiltithe freisin. As sin féadfar dul isteach sa spás fairsing ilúsáide i bhfoirm plean oscailte a bheidh ar an mbunurlár. Beidh bealach uaidh sin suas staighre faoin bhfuinneog mhór atá ag ceann na hArd-Eaglaise den fhoirgneamh agus tabharfaidh sé sin an cuairteoir isteach ar an gcéad urlár, áit a mbíodh Séipéal agus Aireagal an Chlochair tráth. Beidh spásanna oscailte agus áiteanna a bheidh roinnte ina gcodanna arís anseo. Is trí ghailearaithe na dtaispeántas sealadach atá ann cheana féin a dhéanfaidh an cuairteoir a bhealach amach agus tabharfaidh sé sin síos arís é go dtí an bunurlár.

Ar mhaithe le caoithiúlacht agus mar atá sa phlean nua don fhoirgneamh is ar an mbunurlár a bheidh an chuid is mó den chóiríocht. Is i gceann na hArd-Eaglaise den

fhoirgneamh a bheidh sí agus is ansin a bheidh na leithris, an ceaintín, an áit choinneála agus na hoifigí. Bhaintí an-leas as gairdín an chlochair don smaointeoireacht rinnfheithimh tráth. Carrchlós atá ann anois ach bheifí ag súil go mbeadh cuma níos taitneamhaí air nuair a bheidh an t-athdhreachadh déanta agus féadfar geadán talún atá le hais an Mhúsaeim a fhorbairt le haghaidh taispeántas agus imeachtaí lasmuigh.

Cuireadh na pleananna faoi bhráid an Bhoird agus na Comhairle Baile araon i mí Dheireadh Fómhair 2007. Ach na pleananna beartaithe a bheith ceadaithe ag an gComhairle Baile, beidh siad ar taispeáint go poiblí go dtí an 14ú Nollaig agus glacfar le haighneachtaí nó tuairimí go dtí an 7ú Eanáir, 2008 faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Cuid XI), agus faoi na Rialacháin Rialtais Áitiúil, (Pleanáil agus Forbairt) 2001, (Cuid 8).